CAIBIDIL 3: CLÁIR TIL – CUR SÍOS LEATHAN AGUS TREOCHTAÍ CAITEACHAIS

Is é cuspóir na caibidle seo ná na haschuir bainteach le gníomhaíocht chláir ábhartha a shainmhíniú agus leibhéal agus treocht na n-aschur sin agus leibhéil agus treocht na gcostas a shainaithint.

3.1 Cur síos ar chláir TIL

Tugann an mhír seo faoi cheist an mheasúnaithe: Cad iad na híocaíochtaí a bhaineann le cláir thacaíochta ioncam leanaí?

3.1.1 Scóip TIL polasaí agus cláir

Is é cuspóir an athbhreithnithe polasaí poiblí a scrúdú um thacaíocht ioncaim a chur ar fáil do theaghlaigh le leanaí. Fad is go bhfuil sé i gceist gnéithe áirithe de chláir aonair TIL a bhreathnú, go háirithe iad siúd a dheimhníonn a n-éifeachtacht cuspóirí polasaí foriomlána a bhaint amach, tá an fócas ar an bpictiúr níos mó agus an chaoi a gcuireann a leithéid de chláir le cuspóirí polasaí foriomlána agus cibé an idirghníomhaíonn siad go cuimsitheach agus go comhleanúnach nó nach ngníomhaíonn. Tá an cur chuige sin cosúil leo sin in athbhreithnithe caiteachais eile mar shampla an t-athbhreithniú ar íocaíochtaí breoiteachta agus míchumais.[60]

Tá roinnt mhór clár ann a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil maidir le leanaí (Féach ar Thábla 3-1) agus tá an-chuid éagsúlachta i meicníochtaí seachadta (íocaíochtaí airgid, díolúintí cánach, tacaíocht do sholáthróirí seirbhíse) maidir le céim an spriocdhírithe agus i méid na coinníollacha. Bheadh sé neamhphraiticiúil na cláir sin go léir san athbhreithniú caiteachais a chlúdach. Mar sin féin, níl sé éasca sainmhíniú a dhéanamh go cruinn ar cad atá i gceist le tacaíocht airgeadais do theaghlaigh le leanaí. Mar shampla, áiríonn an ECFEF íocaíochtaí do thuismitheoirí aonair, costas seirbhísí bainteach le leanaí agus faoisimh chánach dírithe ar theaghlaigh le leanaí (féach ar Bosca 3-1) ach ní áirítear méaduithe i bpríomhíocaíochtaí leasa shóisialaigh nasctha le leanaí cleithiúnacha (Méaduithe i leith Linbh Cháilithe - MLCanna).

[60] *Report of the Working Group on the Review of the Illness and Disability Payment Schemes,* An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2003).

Tábla 3-1: Forbhreathnú ar thacaíochtaí airgeadais do theaghlaigh le leanaí [61]

Cineál tacaíochta	Ainm na tacaíochta
Íocaíocht airgid tríd an gcóras leasa shóisialaigh	Sochar Linbh Forlíonadh Luathchúram Leanaí (SCOL curtha ina ionad i 2010 - féach thíos) MLCanna (méaduithe ar íocaíochtaí leasa shoisialaigh príomhúla nasctha le leanaí cleithiúnacha) Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh Íocaíochtaí Caomhnóirí (íocaíochtaí dílleachtaí roimhe sin) Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora Sochar Sláinte & Sábháilteachta Mháithreachais Liúntas Cúram Baile Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í
Tacaíocht coibhéiseach airgid curtha ar fáil tríd an gcóras cánach	Creidmheas Cánach um Chúramóirí Baile Díolúine SL ó cháin ioncaim Díolúine íocaíochtaí cúram altramais ó cháin ioncaim Cáin chreidmheas teaghlaigh aon tuismitheora Creidmheas cánach tuismitheora ar Bhaintreach (Fir) é/í
Tacaíochtaí eile (lena n-áirítear íocaíochtaí bainteach le cúram leanaí)	An Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (SCOL) Fóirdheontas Cúram Leanaí Pobail 2008-2010 (SFCP). Clár Béilí Scoile Liúntas Cúram Altramais Liúntais Chaipitil d'áiseanna cúram leanaí Díolúine cáin ioncaim do sholáthróirí seirbhíse cúram leanaí Díolúine cúram leanaí soláthraithe ag fostóir ó mhuirear sochar comhchineáil.

Tógann an t-athbhreithniú cur chuige pragmatach ar an gceist sin trí dhíriú ar phríomhíocaíochtaí airgid a chuireann tacaíochtaí ar fáil do theaghlaigh le leanaí (Sochar Leanaí, Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh agus MLCanna). Breathnaíonn an t-athbhreithniú saincheisteanna ábhartha polasaí maidir le híocaíochtaí airgid eile bainteach le leanaí a bhfuil éifeacht acu ar ioncaim theaghlaigh thar an tréimhse (Forlíonadh Luathchúram Leanaí[62] agus Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua[63]). Ní bhreathnaíonn an t-

[61] Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfaigheann teaghlaigh go léir le leanaí na tacaíochtaí go léir leagtha amach sa tábla seo.

[62] Forlíonadh Luathchúram Leanaí Is éard a bhí san fhorlíonadh sin ná íocaíocht ó Oifig an Aire Leanaí, nach raibh faoi réir tástáil mhaoine tugtha isteach i mBuiséad 2006 chun cabhrú le costas cúram leanaí do leanaí níos óige ná sé bliana d'aois in aitheantas ar na costais níos airde bainteach le cúram a thabhairt do leanaí sna blianta réamhscoile. Díothaíodh an scéim sin ag deireadh 2009 agus cuireadh bliain réamhscoile saor um Luathchúram agus Oideachas ina ionad in Eanáir 2010 do leanaí go léir idir 3 bliana agus 6 mhí agus 4 bliana agus 6 mhí d'aois. Riaradh an scéim ar bhonn gníomhaireachta ar son an Aire Leanaí ag An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

[63] LÉCSN: Tá an scéim sin mar chuid de chlár Liúntas Leasa Forlíonta níos leithne, a riarann an rannóg leasa phobail d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Maoiníonn an RCS Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua Is é aidhm na scéime cabhrú le teaghlaigh ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh le

athbhreithniú díolúintí cánach maidir le leanaí ná ní bhreathnaíonn sé na híocaíochtaí sin nasctha le costas cúram leanaí (ar nós sochair mháithreachais nó íocaíochtaí caomhnóra).

Bosca 3-1: Sainmhíniú ar pholasaithe teaghlaigh ECFE

De réir bunachar sonraí polasaí teaghlaigh ECFE, áirítear i gcaiteachas poiblí ar leasa teaghlaigh tacaíocht airgeadais atá go heisiatach do theaghlaigh agus leanaí. Cabhraíonn caiteachas taifeadta i réimsí polasaí sóisialta eile mar shláinte agus tithíocht le teaghlaigh freisin, ach ós rud é nach bhfuil sé dírithe go heisiatach ar theaghlaigh, níl sé áiithe i gcaiteachas ar theaghlach. Go ginearálta tá trí chineál caiteachais phoiblí ar shochair theaghlaigh.

1. Aistrithe airgid bainteach le leanaí do theaghlaigh le leanaí: áirítear leis sin liúntais leanaí, le leibhéil íocaíochta a athraíonn de réir aoise an linbh i dtíortha áirithe agus uaireanta atá faoi réir tástáil mhaoine: íocaíochtaí tacaíochta ioncam poiblí le linn tréimhsí saoire tuismitheoirí; tacaíocht ioncaim do thuismitheoirí aonair (a chuireann de réir an ECFE caiteachas ar leasa teaghlaigh níos airde in Éirinn ná i dtíortha eile); agus tacaíocht cúram leanaí phoiblí trí íocaíochtaí curtha in áirithe le dul do thuismitheoirí.

2. Caiteachas poiblí ar sheirbhísí do theaghlaigh le leanaí: áirítear leis sin maoiniú díreach agus fóirdheonú soláthróirí cúram leanaí agus áiseanna luathoideachais, caiteachas poiblí ar chúnamh do dhaoine óga agus áiseanna cónaitheacha agus caiteachas poiblí ar sheirbhísí teaghlaigh lena n-áirítear áiseanna ionadbhunaithe agus seirbhísí cúnamh baile do theaghlaigh nuair is gá.

3. Tacaíocht airgeadais do theaghlaigh curtha ar fáil tríd an gcóras cánach. Áirítear díolúintí cánach i gcaiteachais chánach ar theaghlaigh (m.sh. ioncam ar shochair leanaí nach n-áiritear sa bhonn cánach); liúntais chánach leanaí (méideanna do leanaí a bhaintear as ollioncam agus nach n-áirítear in ioncam inchánaithe), creidmheasanna cánach leanaí agus méideanna a bhaintear as an ndliteanas cánach.

Foinse: ECFE http://www.oecd.org/dataoecd/45/46/37864391.pdf

Fad is nach cuid den tionscnamh athbheithnithe caiteachais go dtí seo é polasaí TIL, b'ábhar é do roinnt mhór athbhreithnithe agus tuarascálacha sa tríocha bliain nó mar sin atá thart.

Tá achoimre déanta ar scóip leathan príomhthuarascálacha ábhartha i dTábla 3-2 ag taispeáint ábhar na tuarascála, bliain foilsithe agus na cláir a áiríodh i sainmhíniú tacaíochtaí ioncam leanaí. Don chuid is mó de na staidéir sin (CNES (1980), an CLS agus an GOSCCLS), chlúdaigh na réimsí polasaí tacaíochta ioncam leanaí trí phríomhchlár: An clár Sochar Leanaí

costais éidí scoile agus choisbhirt do leanaí den aois scoile. Bhí an scéim sin féin ina ábhar athbhreithnithe caiteachais níos luaithe i 2004. *Review of the Back to School Clothing and Footwear Allowance*, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Baile Átha Cliath, 2004).

(SL), Méaduithe i leith Linbh Cháilithe[64] (MLCanna) go príomhíocaíochtaí tacaíochta ioncam agus Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT).

Tábla 3-2: Scóip cláir thacaíochta ioncam leanaí clúdaithe i staidéir níos luaithe

Tuarascáil	Bliain foilsithe	Cláir curtha san áireamh
CNES Uimh. 47 – Alternative Strategies for Family Income Support (A mhalairt de straitéisí do thacaíocht ioncam teaghlaigh)	1980	Liúntais chánach leanaí, Liúntas Leanaí, Liúntas Linbh Chleithiúnaigh
An Coimisiún um Leas Sóisialach (CLS)	1986	Liúntas Leanaí, BLCanna, Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh
Grúpa Athbhreithnithe Sochar Leanaí	1995	Sochar Leanaí
Grúpa Oibre Saineolaithe um Chomhtháthú Cánach agus Leasa Shóisialaigh (GOSCCLS)	1996	SL, BLCanna, FIT
CNES Uimh. 113 – Stát Leasa Forbraíochta	2005	SL, BLCanna, FIT
Sraith taighde páipéar uimh. 6 - Tacaíochtaí Ioncam Leanaí na hÉireann: An cás le foirm nua spriocdírithe	2007	SL, Forlíonadh Luathchúram Leanaí, BLC, LÉCSN

3.1.2 Sochar Leanaí – cur síos agus príomhfhorbairtí

Tháinig an íocaíocht Sochar Leanaí [65] in ionad na híocaíochta Liúntas Leanaí i 1986. Íocaíochtaí míosúla is ea iad saor ó cháin iníoctha do thuismitheoirí nó caomhnóirí leanaí agus níl/ní raibh aon cheann acu sin faoi réir tástáil mhaoine. Tá an aois is sine do leanaí incháilithe athraithe thar am ach faoi láthair leanaí faoi16 bliana d'aois nó faoi 18 [66] d'aois atá i gceist má tá siad in oideachas lánaimseartha, ar scéimeanna traenála áirithe nó má tá an leanbh faoi mhíchumas. I gcás ilbhreitheanna, tá an ráta sochar leanaí do chúplaí iníoctha

[64] Fad is go n-íoctar MLCanna mar fhorlíonadh don chuid is mó de na príomhíocaíochtaí leasa shóisialaigh agus nach clár ar leith é mar sin, bhí MLCanna mar chuid sainaitheanta agus foinse inchainníochtúil de shruthanna caiteachais a raibh éifeacht orthu ó dhearadh níos leithne an chórais leas shóisialaigh. Mar sin bhí MLCanna oiriúnach le cur san áireamh laistigh den athbhreithniú. Maidir leis an téarmaíocht a úsáideadh san athbhreithniú beidh sé caothúlach tagairt a dhéanamh do MLCanna amhail is dá mba chlár ar leith iad.

[65] Tá na príomhfhorálacha bainteach le Sochar Leanaí le fáil i gcuid 4 den Acht Comhdhlúithe Leasa Shóisialaigh, 2005 (míreanna 219 go 223).

[66] I mBuiséad 2009 íslíodh an teorainn aoise is airde a bhain ó 19 mbliana go 18 mbliana d'aois. Tá éifeacht an bhearta sin á tabhairt isteach de réir a chéile, le híocaíocht do leanaí incháilithe reatha agus amach anseo á gearradh ina leath ó Eanáir 2009 agus íocaíocht ag teacht chun deiridh ó Eanáir 2010 ón 18ú breithlá. Tugadh bearta fuascailte páirtaimseartha speisialta isteach dóibh siúd ar ísealioncam agus i dteaghlaigh cleithiúnacha leasa shóisialaigh.

ag uair go leith an ghnáthráta míosúil do gach leanbh agus ag dhá uair an ghnáthráta míosúil do gach leanbh i gcás tríríní nó níos mó leanaí. Tá deontas iníoctha freisin d'ilbhreitheanna ag breith na leanaí, ag aois 4 agus aois 12 bhliain.

Tá achoimre ar phríomhfhorbairtí in íocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí san áireamh in Aguisín 2 ach tá na forbairtí seo a leanas an-suntasach ar fad.

- Tugadh isteach réamhtheachtaí don scéim SL (Liúntas Leanaí) i 1944.[67] Agus an bille á chur i láthair, dúirt an tAire *"i gcóras eacnamaíoch mar atá againne … níl an méid pá is féidir le duine a thuilleamh a dhóthain go minic chun soláthar do riachtanais réasúnta teaghlach mór".*
- Leathnaíodh an liúntas i 1952 go teaghlaigh le beirt nó níos mó leanaí agus ó 1963 do theaghlaigh le leanbh amháin nó níos mó le rátaí íocaíochta ag athrú ag brath ar líon na leanaí sa teaghlach.
- I 1974, leathnaíodh an teorainn aoise ó 16 go 18 agus sa bhliain chéanna rinne reachtaíocht foráil go ndéanfaí íocaíocht don mháthair. Déantaí í go foirimiúil leis an athair roimhe sin, cé go n-íoctaí í leis an máthair ina lán cásanna go praiticiúil.
- I 1986, tugadh isteach SL in ionad Liúntas Leanaí agus Liúntais Chánach Leanaí. Ó lár na 1990í, méadaíodh rátaí Sochar Leanaí go mear go háirithe sa chéad leath den aois seo.
- I mBuiséad 2009 íslíodh an teorainn aoise a bhain ó 19 mbliana go 18 mbliana d'aois. Tugadh an beart sin isteach de réir a chéile le híocaíocht á gearradh ina leath ó Eanáir 2009 agus deireadh le híocaíocht dóibh siúd den aois 18 ó Eanáir 2010. Ó Bhuiséad 2010 laghdaíodh rátaí míosúla do SL €16 mar fhreagairt ar na deacrachtaí móra fioscacha agus eacnamaíocha.

3.1.3 Méaduithe i leith Linbh Cháilithe – cur síos agus príomhfhorbairtí

Íoctar MLCanna[68] (aitheanta mar Bhreiseanna i leith Linbh Cháilithe roimhe seo – BLCanna) mar fhorlíonta do shochair agus liúntais leasa shóisialaigh go seachtainiúil in aitheantas ar an riachtanas d'ioncaim níos mó i measc teaghlaigh le leanaí cleithiúnacha a bhraitheann ar shochair. Tá siad mar chuid shuimeálaí de chóras leasa shóisialaigh teagmhasbhunaithe na hÉireann le fada ach mar atá tugtha faoi deara i gCaibidil 2, tá cur chuige comhleanúnach do na híocaíochtaí sin tagtha chun cinn le déanaí. Cuireadh laghdú de réir a chéile ar 36 rátaí difriúla MLCanna de réir an mholta ó Thuarascáil an Choimisiúin um Leas Shóisialach. Sa deireadh comhdhlúthaíodh arís na trí híocaíochtaí ar leithligh fágtha a bhí ann i 2006 in íocaíocht singil in Eanáir 2007. Íoctar iad faoi láthair ag ráta €29.80 in aghaidh na seachtaine

[67] Níor cuireadh an An Roinn Leasa Shóisialaigh ar bun go dtí 1947.
[68] Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha reachtacha d'íocaíocht méadaithe do Leanbh Cáilithe: Cuid 1 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, arna leasú, féach ar Alt 2(3) go háirithe. Cuid 1 den Acht Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite Íocaíochtaí agus Rialú, 2007 (I.R.142/2007).

do gach leanbh cleithiúnach arna mhéadú le blianta beaga anuas tar éis tréimhse shuntasach reoite i luach. Tá achoimre ar phríomhfhorbairtí in íocaíochtaí ioncam leanaí san áireamh in Aguisín 2. Tá suntas faoi leith ag baint leis na forbairtí seo a leanas:

- Sa bhliain 1985 bhí leath den ghnáthráta tugtha isteach in íocaíocht MLC maidir le leanbh cáilithe i gcás ar bith nach aosach cleithiúnach an céile/páirtí.[69]
- Tabhairt isteach Íocaíocht Linbh Leanúnach i 1996 (leanúint leis na híocaíochtaí MLC do thréimhse 13 seachtaine tar éis na híocaíochta príomhúil a stopadh) mar mhodh chun dídhreasachtaí fostaíochta a laghdú.[70]
- Sa bhliain 2000, leanadh leis an ráta iomlán MLC a íoc a fhad is nach raibh tuillimh sheachtainiúil an chéile níos mó ná € 171.40. Sular tháinig an t-athrú sin i bhfeidhm, níor íocadh ach leath den ráta MLC i gcás go raibh tuillimh an chéile níos mó ná €76 in aghaidh na seachtaine.
- Sa bhliain 2001 leathnaíodh íocaíocht MLC chun leanaí in oideachas lánaimseartha a chur san áireamh suas go dtí 22 bhliain d'aois agus méadaíodh an t-uasmhéid tuilleamh seachtainiúil chun an ráta iomlán MLC a choinneáil ó €171.00 go €184.00.

3.1.4 Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh – cur síos agus príomhfhorbairtí

Íocaíocht í an scéim Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh [71] (FIT) atá faoi réir tástáil mhaoine a tugadh isteach i 1984 agus a chuireann tacaíocht ioncaim ar fáil d'fhostaithe ar ísealioncam le leanaí. Éilíonn cáilíocht d'íocaíocht faoin scéim sin nach mór do dhuine a bheith i bhfostaíocht inárachais ar feadh 38 uaire ar a laghad in aghaidh na coicíse nó 19 uaire in aghaidh na seachtaine. Tá an íocaíocht ar fáil do thuismitheoirí aonair. Féadfaidh lánúin a gcuid uaireanta fostaíochta a chur le chéile chun na critéir cháilíochta a chomhlíonadh. Ríomhtar FIT ar bhonn 60% den difríocht idir teorainn ioncaim do líon an teaghlaigh agus ioncam inrochtana an duine nó na ndaoine ag tógáil na leanaí. Cuirtear comhioncam an lánúin san áireamh. Deartar na teorainneacha ioncaim chun a chinntiú go bhfuil na leasa srianta d'fhostaithe le hísealioncam i gcoibhneasta le líon na ndaoine ina dteaghlaigh. Déantar measúnú ar ioncam glan ó cháin agus ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh. Tá an

[69] Alt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh (Uimh. 2), 1985.
[70] Chun tacú leis an trasdul sin ó leas sóisialach go fostaíocht, rinne an grúpa GOSCCLS aighneacht rémhbhuiséid ag moladh don Bhuiséad 1996 go gcoinneodh daoine aonair an chuid MLC (roimhe seo Liúntais Linbh Cháilithe) de na híocaíochtaí dífhostaíochta do thréimhse suas go 13 seachtaine ina dhiaidh dóibh a bheith sínithe as. Is é an cuspóir a bhí leis sin ná a chinntiú go raibh cinnteacht ioncaim mhéadaithe ann don duine aonair ag druidim ón dífhostaíocht go fostaíocht.
[71] Tá na príomhfhorálacha bainteach le Forlíonadh Ioncam Leanaí (FIT) le fáil i gcuid 6 den Acht Comhdhlúithe Leasa Shóisialaigh, (Comhdhlúthú) 2005 (Ailt 227 go 233).

íosíocaíocht FIT sheachtainiúil €20 iníoctha dóibh siúd a bheadh cáilithe seachas sin do ráta níos ísle.

Is cuid shuimeálaí den scéim é go leanann sí ar aghaidh le bheith iníoctha ag an leibhéal sin do thréimhse 52 sheachtain chomh luath agus a dheimhnítear leibhéal na híocaíochtaí FIT is cuma faoi aon athrú i gcúinsí teaghlaigh (m.sh. méadú nó laghdú i dtuillimh) ar choinníoll go leanann an duine le coinníoll na fostaíochta a shásamh. Cinntíonn an ghné sin den scéim cobhsaíocht ioncaim d'fhaighteoirí chomh maith leis an éifeacht riaracháin a íoslaghdú.

Áitítear i bpríomhfhorbairtí maidir leis an scéim FIT:

- Méadú san iolraitheach ó 50% go 60% den bhearna idir in ioncam iarbhír agus an méid is airde (1989).
- Leathnaigh Rialacháin FIT scóip na scéime chun lánúin chomhchónaitheacha le leanaí a chur san áireamh le héifeacht ó 24 Deireadh Fómhair, 1991.
- An méid is lú ionchais fostaíochta laghdaithe ó sé mhí go trí mhí.
- Laghdú sna híosuaireanta fostaíochta ag teastáil chun cáilithe ó 20 in aghaidh na seachtaine go 38 in aghaidh na coicíse (1996).
- Forálann an tAcht Leasa Shóisialaigh 1998 an bonn reachtach don laghdú cánach ó ollioncaim agus an figiúr ioncam inrochtana chun críocha FIT á ríomh. Tá sé sin de réir tiomantais tugtha i gComhpháirtíocht 2000 Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta (1997) inar luadh: *"I gcomhthéacs na tosaíochta dídhreasachtaí fostaíochta a bhaint, tabharfar tosaíocht do FIT mar mhodh chun an glantoradh ó fhostaíocht do theaghlaigh le leanaí a mhéadú".* [72]
- Méaduithe i mbuiséid leantacha sna tairseacha ioncaim sheachtainiúil le cáiliú do FIT agus méadú €20 in aghaidh na seachtaine san íosíocaíocht.
- Athdhíriú ar thairsigh ioncaim chun gnóthachain bhreise do theaghlaigh níos mó a chur san áireamh. Roimh 2006, méadaíodh tairsigh ioncaim sheachtainiúla faoi mhéid chinnte ba chuma faoi mhéid an teaghlaigh. Bhí laofacht i bhfabhar teaghlaigh níos lú mar thoradh air sin. Chuimsigh Buiséad 2006 agus buiséid ina dhiaidh sin acmhainní breise ar theaghlaigh níos mó.

[72] *Partnership 2000,* Roinn an Taoisigh (Baile Átha Cliath, 1998), lth. 15.

3.1.5 Cláir eile bainteach agus ábhartha do leanaí - cur síos agus príomhfhorbairtí

Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (LÉCSN)[73]

Tá an scéim seo a tugadh isteach sna 1990í agus atá maoinithe ag an RCS faoi théamaí tagartha na Scéime Liúntas Leasa Shóisialaigh Forlíonta agus riarann an rannóg leasa phobail d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Is éard atá i gceist leis an scéim ná cabhrú le teaghlaigh ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh i dtreo costas éidí scoile agus coisbhirt do leanaí den aois scoile agus oibríonn sí ó thús Mheithimh go deireadh Mheán Fómhair gach bliain. Níl sé i gceist leis an liúntas costais iomlána éadaí scoile agus coisbhirt a chlúdach ach cúnamh a thabhairt leis na costais sin. Féadfaidh duine cáiliú d'íocaíocht liúntais má tá sé/sí ag fáil íocaíochta Leasa Shóisialaigh (lena n-áirítear Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh), nó íocaíocht Feidhmeannachta na Seirbhíse Sláinte nó má tá sé/sí rannpháirteach i scéim fostaíochta fhaomhaithe nó ag freastal ar chúrsa traenála agus oideachais aitheanta agus ioncam teaghlaigh acu ag leibhéil leagtha síos áirithe nó faoin leibhéal sin.

Is iad na príomhchlocha míle atá mar bhun leis an scéim seo ná iad seo a leanas:

- Sa bhliain 1995 leathnaíodh an scéim chun daltaí suas go 22 bhliain d'aois a chur san áireamh a bhí in oideachas lánaimseartha.
- Tá méadú suntasach ar rátaí íocaíochta le blianta beaga anuas. Ón mbliain 2005, tá an liúntas méadaithe ó €80 go €200 maidir le leanaí cáilithe den aois 2 go 11 agus €150 go €305 dóibh siúd den aois 12 go 22. Is méaduithe150% agus 103% iad sin faoi seach.
- Beart speisialta a tugadh isteach i mBuiséad 2009 ná an liúntas breise €125 iníoctha le lucht 18 mbliana d'aois in oideachas lánaimseartha a bhfuil an leathráta Sochar Leanaí anois i bhfeidhm dóibh. Is é €520 an íocaíocht iomlán don scoilbhliain nua maidir le leanaí 18 mbliana d'aois.
- Maolú €50 ar an tairsigh ioncaim um theidlíocht don liúntas i mBuiséad 2009. Cumasaíonn sé sin timpeall 18,000 teaghlach breise leas a bhaint as an scéim.

[73] Scéim riaracháin is ea an scéim LÉCSN agus níl aon fhoráil di i reachtaíocht Leasa Shóisialaigh. Tá ciorclán ag leagan amach na rialacha ag rialáil na scéime eisithe go bliantúil don rannóg leasa phobail FSS in éineacht le treoirlínte chun measúnú a dhéanamh ar acmhainní.

Forlíonadh Luathchúram Leanaí (FLL)

Íocaíocht ó Oifig an Aire Leanaí chun cabhair a thabhairt le costais cúram leanaí do leanaí faoi sé bliana d'aois ab ea an íocaíocht sin saor ó cháin gan tástáil mhaoine uirthi, a tugadh isteach i mBuiséad 2006. Íocadh í in aitheantas ar na costais níos airde bainteach le cúram a thabhairt do leanaí ina mblianta réamhscoile. Ón gcéad lá de Mhárta 2009, níor íocadh an FLL ach maidir le leanaí faoi 5 bliana d'aois. Sa Bhuiséad Forlíonta in Aibreán 2009, fógraíodh go ndíothófaí an scéim sin ag deireadh 2009.

Bhí an scéim sin á riaradh ag An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar bhonn gníomhaireachta ar son an Aire Leanaí. Bhí íocaíocht uathoibríoch dóibh siúd le leanaí níos lú ná sé bliana d'aois a bhfuair siad sochar leanaí dóibh. Nuair a tugadh isteach í, íocadh an FLL faoi riaráistí go ráithiúnach agus den mhéid €1,000 in aghaidh na bliana (iníoctha i dtráthchodanna ráithiúnacha €250). Tugadh roinnt athruithe don íocaíocht isteach sular díothaíodh í mar seo a leanas:

- Méadaíodh ar an méid FLL iníoctha, ó tugadh isteach é, le héifeacht ó 8 Márta ó €1,000 go €1,100 in aghaidh na bliana íoctha i dtráthchodanna ráithiúnacha €275;
- Ó Eanáir 2009 athraíodh aois chun FLL a fháil ó 6 bliana go 5 bhliain d'aois agus 6 mhí. Athraíodh an méid iníoctha freisin go €1,104 in aghaidh na bliana iníoctha i dtráthchodanna míosúla €92;
- Rinneadh athrú aoise a thuilleadh chun FLL a fháil le teidlíocht ó 5 bliana 6 mhí go 5 bliana tugtha isteach le héifeacht ó 1 Márta 2009. Athraíodh an méid freisin ó €1,104 go €996 in aghaidh na bliana iníoctha i dtráthchodanna míosúla €83;
- Laghdaíodh an méid FLL iníoctha a thuilleadh le héifeacht ó 1 Bhealtaine 2009 ó €996 go €498 in aghaidh na bliana le híoc i dtráthchodanna míosúla €41.50.
- Díothaíodh FLL ag deireadh 2009 agus cuireadh bliain saor réamhscoile An Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige do leanaí go léir idir 3 bhliain agus 6 mhí agus 4 bhliain agus 6 mhí ina ionad.

Fionnachtain 3-1: SL, MLCanna agus FIT sainaithnithe mar phríomhchláir bainteach le polasaí TIL.

Tá raon leathan íocaíochtaí agus tacaíochtaí do theaghlaigh le leanaí cleithiúnacha. In ainneoin díothú liúntais chánach leanaí sna 1980í tá forálacha laistigh den chóras cánach a chuireann tacaíocht ar fáil do theaghlaigh le leanaí. Mar sin, tá sainaitheantas íocaíochtaí ar leith mar íocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí aondeonach ar bhealach agus féadfaidh difríocht scóip a bheith mar thoradh air sin mar scóip idir a bhfuil curtha san áireamh agus nach bhfuil. Glactar cur chuige pragmatach san athbhreithniú agus clúdaítear na

príomhíocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí laistigh den chóras leasa shóisialaigh, eadhon, Sochar Leanaí, méaduithe i leith linbh cháilithe do na príomhíocaíochtaí leasa shóisialaigh don aosach agus Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh. Breathnaíonn an t-athbhreithniú freisin roinnt ghnéithe den liúntas éadaí agus coisbhirt don scoilbhliain nua agus forlíonadh luathchúram leanaí (díothaithe anois) mar ábhartha do léirmhíniú treochtaí caiteachais agus bochtanais. Tugtar faoi deara san athbhreithniú go bhfuil an méid sin comhsheasmhach ar an iomlán le cur chuici níos luaithe athbhreithniú a dhéanamh ar íocaíochtaí agus polasaí tacaíochta ioncam leanaí.

3.2 Treochtaí agus tiománaithe caiteachais

Tugann an mhír seo faoi cheist an mheasúnaithe: *Cé mhéad atá an caiteachas meascán cláir athraithe thar am?* Tar éis an treochta iomláin i gcaiteachas TIL a bhreathnú (3.2.1), féachann an t-athbhreithniú ansin ar (an líon leanaí incháilithe do thacaíocht) a mheastar a bheidh ar cheann de na príomhthionánaithe caiteachais, trí athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí déimeagrafacha thar an tréimhse (3.2.2) sula dtéitear go treochtaí i gcaiteachas ar chláir ar leith thar an tréimhse chun éifeacht athruithe i rátaí agus fachtóirí eile thar an tréimhse a bhreathnú (3.2.3).

3.2.1 Treocht i gcaiteachas foriomlán TIL 1997-2010

Sa bhliain 1997, bhí an comhchaiteachas ar SL, MLCanna, FIT agus LÉCSN beagán faoin €900 milliún. Faoi 2008, bhí an caiteachas sin (a raibh FLL faoin am sin san áireamh) €3.6 billiún – méadú faoi cheathair i ndeich mbliana nó mar sin. Taispeánann Figiúr 3-1 gur tharla an-chuid den mhéadú sin sa tréimhse tar éis 2000 nuair a thiomáin méaduithe móra i gcaiteachas SL an t-iomlán suas. Bhí méaduithe suntasacha ann idir 2006 agus 2008 tiomáinithe den chuid is mó ag FLL. Tá méaduithe láidre léirithe ag FIT ó 2006 cé gur ó bhonn níos ísle iad.

Figiúr 3-1: Caiteachas iomlán ar chláir TIL agus cláir bhainteacha



Taispeánann Figiúr 3-2 caiteachas iomlán TIL mar chéatadan de OTI agus OTN agus freisin céatadán caiteachais iomláin léirithe mar íocaíochtaí uilíocha (SL,FLL). Ag tús na tréimhse athbhreithnithe thit caiteachas go dtí a phointe ab ísle do 2000 (1.0% de OTI, agus 1.1% de OTN) go dtí pointe ard 2.1% i 2009 (OTI) agus 2.6% de OTN. Mar thoradh ar na laghduithe ar rátaí SL agus díothú FLL, tá ionchas ann go dtitfidh ioncam i 2010 go 2.0% (OTI) agus 2.5% (OTN) nó gar dá leibhéil i 2008. Tá athrú suntasach ar chaiteachas iomlán ar íocaíochtaí uilíocha thar am. De na híocaíochtaí iomlána TIL bhí an meánchaiteachas ar íocaíochtaí uilíocha sa chéad cúpla bliain den tréimhse faoi athbhreithniú gar do 60% ach mhéadaigh sé go tapa go dtí 85% i 2006 a phointe ab airde spreagtha ar aghaidh ag na rátaí íocaíochta SL agus teacht isteach na híocaíochta FLL. Mar thoradh ar na méaduithe ar rátaí íocaíochtaí roghnacha (go háirithe MLCanna agus FIT) in éineacht le díothú FLL de réir a chéile agus an laghdú ar rátaí SL i 2010 tá ionchas ann go dtitfidh caiteachas iomlán ar íocaíochtaí uilíocha 71% i 2010, coibhéiseach a bheag nó a mhór leis an leibhéal i 2001.

Figiúr 3-2: Treochtaí i luach iomlán agus comhdhéanamh caiteachas tacaíochta ioncam leanaí 1997-2010



TaispeánannTábla 3-3 na príomhathruithe i gcomhdhéanamh caiteachais na dtrí phríomhíocaíocht agus cláir bhainteacha thar an tréimhse. Léirítear sa tábla an méadú ar chaiteachas iomlán agus gur tháinig a lán de sin ó chláir uilíocha (le Sochar Leanaí ina chúis le 76% den mhéadú sin). Ba iad ionstraimí roghnacha ba chúis le beagán níos lú ná a cheathrú cuid den iomlán.

Tábla 3-3: Comhchodanna méaduithe caiteachais TIL (1997-2010)

Clár	1997	2010 (meastachán)	Athrú 1997 – 2010			Ranníocaíocht d'athrú iomlán
	€ milliún	€ milliún	€ milliún	% méadú	Méadú % bliantúil	
SL	506	2,308	1,802	356%	12.4%	76%
FIT	33	215	182.1	554%	15.5%	8%
MLCanna/BLCanna	342	659	317.1	93%	5.2%	13%
FLL	-	-	-		-	-
LÉCSN	14.9	80	65.1	437%	17.3%	3%
TIL iomlán	**895**	**3,262**	**2,367**	**264%**	**10.5%**	**100%**

Fionnachtain 3-2: Tá méadú suntasach ar chaiteachas ar íocaíochtaí TIL i dtéarmaí absalóideacha agus mar chéatadán OTI

Tá méadú suntasach ar chaiteachas foriomlán TIL thar thréimhse an athbhreithnithe i dtéarmaí iomlána agus mar chéatadán den ioncam náisiúnta/aschur. In ainneoin laghdú ar chaiteachas i 2010, tá caiteachas iomlán measta ag 2 faoin gcéad de OTI i gcomparáid le timpeall 1 faoin gcéad ag tús na ndeich mbliana atá thart. Thiomáin íocaíochtaí uilíocha (sochar leanaí agus forlíonadh luathchúram leanaí mar a thugtaí air) an chuid is mó de na méaduithe go háirithe sa tréimhse luath den athbhreithniú a chiallaigh gur ardaigh an comhréir den mhéid iomlán a caitheadh ar íocaíochtaí uilíocha go 85% i 2006 sular thit siad siar go timpeall 70% de chaiteachas iomlán. Tá sé sin i bhfad níos airde ná an céatadán (beagán os cionn 55%) ag tús an athbhreithnithe i 1997.

3.2.2 Tiománaithe déimeagrafacha agus sóisialta

Cé go bhfuil páirt ag factóirí polasaí (féach ar mhír 3.2.3), tá raon factóirí déimeagrafacha agus sóisialta le chéile ag tiomaint suas an leibhéal foriomlán caiteachais thar thréimhse an athbhreithnithe. Bhí factóirí déimeagrafacha mar bhreitheanna agus imirce tábhachtach maidir le líon na leanaí a mhéadú agus dá bharr caiteachas. Déanann an mhír seo comparáid freisin idir uimhreacha tairbhithe leanaí agus uimhreacha daonra chun ciall cuimsithe a fháil.

Factoirí déimeagrafacha

D'fhás daonra na hÉireann ó 3.66 milliún i 1997 go 4.46 milliún i 2009 (Tábla 3-4). Ar an meán, ba é an meánráta fáis 1.6% in aghaidh na bliana ceann de na cinn ab airde sa domhan forbartha. Mhéadaigh an líon leanaí níos óige (0-14) go tapa ach ag ráta níos ísle (ar an meán 0.9% in aghaidh na bliana) agus go príomha sa chuid deiridh den tréimhse. Mar thoradh thit comhréir an daonra beagán a bhí 14 bliana nó níos óige ó 23.1% i 1997 go 21.0% i 2009. Thit an grúpa leanaí den aois níos sine (15-19 bliana)(atá suntasach do na príomhíocaíochtaí TIL go léir nuair atá leanbh ina chleithiúnach nó in oideachas lánaimseartha), go hiarbhír thar an tréimhse (ar an meán 1.7% in aghaidh na bliana) a chiallaigh gur thit an céatadán foriomlán dóibh siúd a bhí 19 mbliana nó níos óige sa daonra ó 32.5% i 1997 go 27.3% i 2009. Bhí "díbhinn déimeagrafach" mar thoradh ar an laghdú dá bharr ar chomhspleáchas leanaí a chuir go mór le caighdeán maireachtála níos fearr thar an tréimhse.[74] Ar an iomlán, bhí méadú 0.2% in aghaidh na bliana iar líon na leanaí den aois 0-19 thar an tréimhse, a d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar líon sochar leanaí.

Tábla 3-4: Treochtaí sa daonra aosaigh agus leanaí 1997-2009

	1997	*2000*	*2003*	*2006*	*2009*
	Measúcháin daonra d'aois ghrúpaí (000í)				
Aoiseanna go léir	3,664.3	3,789.5	3,979.9	4,232.9	4,459.3
Faoi 1 bhliain	50.5	53.6	60.4	61.1	73.5
0 - 4 bliana	250	266.2	284.3	302.3	341.6
1 - 4 bliana	199.5	212.5	223.9	241.3	268.1
5 - 9 bliana	277.9	266.7	268.7	288.5	308
10 - 14 bliana	318	295.1	281.7	274.2	288.1
15 - 19 bliana	343.7	329.4	304.7	290.9	278.6
0 - 14 bliana	846	828	834.7	865.1	937.8
0 - 19 mbliana	1,189.7	1,157.4	1,139.4	1,156.0	1,216.4
	Céatadán den daonra iomlán				
0 - 14 bliana	23.1%	21.8%	21.0%	20.4%	21.0%
15 - 19 bliana	9.4%	8.7%	7.7%	6.9%	6.2%
0 -19 bliana	32.5%	30.5%	28.6%	27.3%	27.3%
	Meánathrú bliantúil				
	1997-2000	**2000-3**	**2003-6**	**2006-9**	**1997-2009**
Aoiseanna go léir	1.1%	1.6%	2.1%	1.8%	1.6%
0 - 14 bliana	-0.7%	0.3%	1.2%	2.7%	0.9%
15 - 19 bliana	-1.4%	-2.6%	-1.5%	-1.4%	-1.7%
0 -19 bliana	-0.9%	-0.5%	0.5%	1.7%	0.2%

Foinse: PS
Tabhair faoi deara: Tá an dáta do 2007 go 2009 mar réamhdháta.

[74] Morgenroth, Edgar L., John Fitzgerald, *Ex-ante Evaluation of the Investment Priorities for the National Development Plan 2007-2013,* Institiúid Eacnamaíoch agus Sóisialta (Baile Átha Cliath, 2006), lth. 22 – 23.

Léiríonn treochtaí i líon na leanaí rátaí breithe ag éirí agus treochtaí imirce araon:

Rátaí breithe: Tá éifeacht dhíreach ag líon na mbreitheanna in aon bhliain ar bith ar chaiteachas TIL. Bhí 64,000 breitheanna ar an meán in aghaidh na bliana idir 1997 agus 2007. Mhéadaigh é sin go seasta thar an tréimhse (52,331 breitheanna i 1997 i gcomparáid le 74,278 i 2009). Is é an líon níos airde ban in aois breith linbh (meánuimhir 1.2 milliún thar an tréimhse) is cúis leis an méadú sin trí fheabhas ar thorthúlacht (ó 2000 go 2004 agus ó 2005 go 2008) a thabharfadh spreagadh don treocht sin (féach ar Figiúr 3-3).

Figiúr 3-3: Líon na mbreitheanna agus ráta torthúlachta 1999-2008



Imirce: Thar an tréimhse 2003-2008, tá sé measta ag an PS gur chuir glanimirce ar an meán 49,200 duine leis an daonra arbh iad leanaí den aois 0-14 bhliain 8,200 díobh. Cé go dtaispeánann é sin go raibh éifeacht dhíreach inimirce ar an líon leanaí teoranta go leor, ní mór éifeacht indíreach imirce ar an líon leanaí (trí bhreitheanna ban a tháinig ar imirce go hÉirinn) a chur san áireamh freisin. Is féidir an éifeacht foriomlán ar an líon leanaí (agus an líon ar SL go háirithe) a thabhairt faoi deara i bhFigiúr 3-4. Fad is gur mhéadaigh daonra na leanaí (0-19 bliana) beagán thar an tréimhse 1997 go 2009, bhí laghdú suntasach i dtosach na tréimhse ar líon na leanaí. Ag leanúint ar líon na leanaí níos óige (0-14 bliana) a theacht chuige féin i dtosach agus méadú níos déanaí i líon na leanaí níos sine (15-19), chobhsaigh na huimhreacha i lár na ndeich mbliana atá thart agus ansin mhéadaigh siad go tapa. Don chéad chuid den tréimhse, bhí an líon tairbhithe Sochar Leanaí mar scáthán ar threochtaí daonra níos leithne ach thosaigh sé sin ag athrú ón gcuid luath de na deich mbliana atá thart

nuair a chobhsaigh uimhreach SL agus ansin thapaigh siad níos tapúla ná daonra na leanaí. Tá roinnt mhíniúchán dóchúil air sin le níos mó eolais ar an gcéad dá cheann thíos:

- Méadú suntasach ar líon na leanaí óga (níos lú ná 15) a bhfuil uaththeidlíocht acu ar SL agus leanaí níos sine (15-19) in oideachas lánaimseartha a choinneáil;
- Éifeacht ar oibreoirí imirce le teaghlaigh cleithiúnacha ina dtír dhúchais;
- Feabhsaithe i mbainistíocht an chórais íocaíochta SL a nasc íocaíochtaí go huathoibríoch le clárúchán breitheanna agus mar sin cuireadh deireadh le moilleanna in íocaíocht. Thosaigh an córas nua sin i Meán Fómhair 2003 agus pléitear le 30,000 éileamh um leanaí breise ar an meán go díreach faoin gcóras.

Figiúr 3-4: Daonra leanaí iomlán; Tairbhithe sochar leanaí 1997-2009



Coinneáil mhéadaithe i rannóg an oideachais: Críochnaíonn uaththeidlíocht do SL nuair a shroicheann leanbh 16 bliana d'aois. Is féidir leanúint ar aghaidh leis an íocaíocht má tá an leanbh in oideachas lánaimseartha nó faoi mhíchumas. Bheadh ionchas ann go méadódh uimhreacha SL dá bhfanfadh níos mó leanaí sa rannóg oideachais. In Aibreán 1997, bhí 76.5% de dhaoine den aois 15-19 in oideachas lánaimseartha. Sa bhliain 2008, bhí méadú 6 phointe faoin gcéad air sin go 82.5% daoine den aois 15-19.

Méadaithe in oibreoirí imirceacha ann go leitheadúil: Faoi chúinsí áirithe féadfaidh oibreoir imirceach in Éirinn a bheith i dteideal íocaíochtaí bainteach le leanaí a éileamh dá leanaí cleithiúnacha fiú mura bhfuil siad sa dlínse. Cuirfear a leithéid d'íocaíochtaí san áireamh sa staitistic íocaíochta ach ní áireofar iad sa staitistic leanbh -dhéimeagrafach. Roimh Fheabhra

2009, measadh go raibh10,0000 íocaíochtaí Sochar Leanaí sa mhéid sin i gcomparáid le leibhéil neamhbhríocha ag tús na tréimhse. Bheadh sé de thoradh air sin líon na n-éileamh Sochar Leanaí a mhéadú (agus FIT go poitéinsiúil) vis-à-vis an líon daonra.

Líon leanaí i ngach teaghlach

Is é is cúis leis an treocht i dtreo teaghlaigh níos lú ná go bhfuil an méadú ar éilimh de réir teaghlaigh méadaithe fiú níos tapúla ná líon na leanaí. Sa bhliain 1997, bhí 502,318 éileamh SL (teaghlaigh) maidir le 1,053,401 leanaí – ar an meán 2.1 leanaí in aghaidh gach éilimh. Mhéadaigh an líon éileamh go 602,932 maidir le 1,156,917 leanaí roimh 2009, ar an meán 1.9 leanaí in aghaidh an éilimh. Tugadh an treocht sin faoi deara freisin i bhFigiúr 3-5 a thaispeánann líon na leanaí in aghaidh an teaghlaigh i 1996, 2002 agus 2006. Mhéadaigh líon na leanaí go láidir i dteaghlaigh nach raibh iontu ach leanbh amháin nó beirt fad is nach bhfuil mórán athraithe le feiceáil i dteaghlaigh 3 leanaí agus tá titimí i líon na dteaghlach níos mó. Bheadh éifeacht dhiúltach ag an treocht sin ar chaiteachas leis na rátaí níos airde d'íocaíocht SL íoctha maidir le teaghlaigh níos airde.

Figiúr 3-5: Comhdhéanamh teaghlaigh de réir líon na leanaí 1996-2006



Clúdach íocaíochtaí

Ba é 1.216 milliún an daonra measta in Aibreán 2009 don aoisghrúpa 0-19. Is comparáid é sin le 1.157 milliún tairbhithe SL (coigeartaithe síos ag líon na leanaí neamhchónaitheacha - measta ag 10,000 in Aibreán 2009) ag cur ráta 97% tógáil suas sa réigiún in iúl. Go deimhin ní cháilíonn leanaí os cionn 16 bliana d'aois go huathoibríoch don íocaíocht agus cuirfear an

clúdach measta sin san áireamh ar leithligh dóibh siúd faoi 16 bliana d'aois agus os cionn. Nuair atá an coigeartú sin déanta tá in éifeacht clúdach iomlán. Meastar go gclúdaíonn MLC maidir le leanaí faoi 16 bliana d'aois 34% den daonra. Do FIT, ba é 7% an uimhir choibhéiseach. Ós rud é go bhfaighidh roinnt teaghlach íocaíocht MLC agus íocaíocht FIT maidir leis an leanbh céanna ní mór é sin a chur san áireamh chun comhaireamh dúbailte a sheachaint. Ag cur san áireamh go n-íoctar 20% de na híocaíochtaí FIT sa bhealach sin, is féidir a mheas go réasúnta go bhfuil an clúdach iomlán do spriocíocaíochtaí don ghrúpa faoi 16 timpeall 40%.

Athruithe déimeagrafacha fortheilgthe

Tá an cuma ar an scéal go dtaispeánann na teilgin daonra is déanaí gur dealraitheach go leanfaidh an treocht i dtreo líon leanaí méadaithe tugtha faoi deara sa chuid deireanach den tréimhse 1997-2009 isteach sa mheántéarma (Figiúr 3-6). Faoi na cnámhscéalta go léir tá ionchas ann go méadóidh an líon daoine óga (0-19) sa tréimhse 2006 -2016, lena n-áirítear faoi na (náid ghlan) foshuímh imirce M0. Faoi na foshuímh ardtorthúlachta agus imirce isteach (M1F1) tá ionchas ann go méadóidh na huimhreacha go dtí beagnach 1.6 milliún roimh 2026 ach go gcobhsóidh siad ina dhiaidh sin. Faoin bhfoshuíomh imirce isteach níos ísle (M2), tá sé fortheilgthe go gcobhsóidh uimhreacha thíos faoi 1.5 milliún[75]. Tá an cuma ar an scéal gurb iad coinníollacha reatha is gaire do chnámhscéal an M0F1 a fhortheilgeann méadú bliantúil 3,000 i líon na leanaí idir 2006 agus 2026. Méadú 2.5% atá san fhás sin i líon na leanaí roimh 2016 agus 5.2% roimh 2026 le méadú dá bharr i gcaiteachas SL má fhanann gach rud eile mar atá.

[75] Samhlaíonn an foshuíomh ardtorthúlachta (F1) an torthúlacht iomlán (RTI) sé sin, an meánlíon leanaí do gach bean, ag fanacht ag 1.9 an leibhéal do 2006 ar feadh saolré na dteilgean. Bheadh laghdú sa RTI/TFR le feiceáil ón bhfoshuíomh íseal (F2) óna leibhéal reatha1.9 go 1.65 roimh 2016, ag fanacht buan ina dhiaidh sin. Tá glactha leis go mbeidh méadú in ionchas saoil ón leibhéal reatha 76.7 bliain d'fhir go 86.5 bliain roimh 2041. Is iad 81.5 agus 88.2 bliain na figiúirí comhfhreagracha do mhná. Glacann an cnámhscéal ardimirce (M1) le hinimirce glan 39,000 in aghaidh na bliana thar an tréimhse teilgin fad is go nglacann cnámhscéal imirce M2 le hinsreabhadh glan measartha 21,400 in aghaidh na bliana go 2041. Glactar leis go mbeidh méaduithe beaga fir níos sine i rátaí rannpháirtíochta an lucht saothair agus gnóthachain bhreise do mhná óga.

Figiúr 3-6: daonra fortheilgthe 0-19 mbliana faoi chnámhscéalta éagsúla



Fionnachtain 3-3: Tá an cuma ann go bhfuil méadú i gcaiteachas ar thacaíochtaí ioncam leanaí de réir teilgin déimeagrafacha úrnua.

Bhí ról suntasach ag factóirí déimeagrafacha agus sóisialta in éabhlóid íocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí. Mhéadaigh an líon leanaí 0.2% in aghaidh na bliana thar thréimhse an athbhreithnithe leis an ráta athraithe ag tapú i dtreo deiridh den tréimhse. Bhí méadú sa ráta breithe agus sna treochtaí imirce mar sin. Bhí ról ag factóirí eile, go háirithe rátaí coinneála in oideachas. Leanfadh caiteachas níos lú le gach rud eile comhionann ó threocht i dtreo teaghlaigh níos lú mar gheall ar rátaí níos airde don tríú leanbh agus do leanaí ina dhiaidh sin. Bheadh an claonadh ann, mar sin féin, de réir teilgin déimeagrafacha go mbeadh méadú i gcaiteachas amach anseo ag glacadh leis go bhfanfadh rátaí íocaíochta gan athrú.

3.2.3 Treocht i gcláir chaiteachais TIL ar leith

Sochar Leanaí

Mar is léir óTábla 3-3, d'fhás caiteachas ar SL 356% sa tréimhse 1997-2010, sé sin trí cheathrún den fhás beagnach i gcaiteachas iomlán TIL agus atá lárnach mar sin d'éabhlóid an chaiteachais ar thacaíocht ioncam leanaí thar an tréimhse a thuiscint. Mar is amhlaidh leis an gcuid is mó d'íocaíochtaí aistrithe, tá an treocht i gcaiteachas iomlán ar SL á thiomáint ag rátaí íocaíochtaí agus an líon daoine ag fáil íocaíochta. Taispeánann an treocht i rátaí

íocaíochta SL ó 1997 (Figiúr 3-7) gur mhéadaigh a luach thar an gcuid is mó den tréimhse le méadú an-ard ar fad sa tréimhse 2000-2002, sular thit sé i 2010. In éifeacht, idir 1997 agus 2009, mhéadaigh rátaí don ráta níos airde agus níos lú 336% agus 310% faoi seach. Cé gurb iad méaduithe rátaí ba chúis lena lán den mhéadú i gcaiteachas iomlán SL, bhí ról ag factóirí eile freisin.

Figiúr 3-7: Treocht i rátaí íocaíochta Sochar Leanaí, 1997-2010



Taispeánann Tábla 3-5 gur mhéadaigh an uimhir éileamh (teaghlaigh) 20% sa tréimhse idir 1997 agus 2009, fad is nár mhéadaigh líon na leanaí ach 10%, ag cur laghdú beagnach 9% i meánlíon na leanaí incháilitheacha in aghaidh an teaghlaigh in iúl don tréimhse chéanna. Chun é sin a léiriú, 71% de theaghlaigh iomlána gan ach beirt leanaí incháilitheach acu a bhí ann i 1998 ach mhéadaigh é sin go 76% faoi 2009.[76] D'fhéadfadh go mbeadh ionchas ann go leanfadh laghdú ar mheánchaiteachas in aghaidh an teaghlaigh,laghdú i líon na leanaí in aghaidh an teaghlaigh, le gach rud eile mar an gcéanna.

[76] *Staitisticí um Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh,* An Roinn Coimirce Soisialaí (Baile Átha Cliath, 1997 – 2010).

Tábla 3-5: Treochtaí caiteachais Sochar Leanaí, 1997 go 2009

Bliain	*Teaghlaigh*	*2000=100*	*Leanaí*	*2000=100*	*Leanaí in aghaidh an teaghlaigh*	*2000=100*
1997	502,318	100.0	1,053,401	100.0	2.10	100.0
1998	504,811	100.5	1,039,746	98.7	2.06	98.2
1999	508,504	101.2	1,028,877	97.7	2.02	96.5
2000	510,840	101.7	1,018,175	96.7	1.99	95.0
2001	514,919	102.5	1,014,340	96.3	1.97	93.9
2002	522,441	104.0	1,019,551	96.8	1.95	93.1
2003	534,009	106.3	1,034,851	98.2	1.94	92.4
2004	540,911	107.7	1,051,005	99.8	1.94	92.7
2005	547,540	109.0	1,060,740	100.7	1.94	92.4
2006	562,860	112.1	1,083,980	102.9	1.93	91.8
2007	579,612	115.4	1,110,715	105.4	1.92	91.4
2008	596,108	118.7	1,141,938	108.4	1.92	91.3
2009	602,932	120.0	1,156,917	109.8	1.92	91.5

Foinse Tuarascáil Staitistiúil RCS

Is cosúil go bhfuil sé soiléir ón anailís seo go raibh an caiteachas an-mhór ar SL thar thréimhse an athbhreithnithe mar thoradh díreach ar mhéaduithe rátaí agus líon leanaí; líon na leanaí de bharr méadú i líon na mbreitheanna agus inimirce. Mar sin féin bhí roinnt fachtóirí níos lú eile le cur san áireamh. Taispeánann anailís dhianscaoilte go bhféadfaí 93% den mhéadú i gcaiteachas SL idir 1997 agus 2008 a chur síos do mhéaduithe i rátaí, 4% do líon éileamh níos airde agus an 3% fágtha d'fhachtóirí eile. Is de bharr comhéifeacht an mhéadaithe 8% i gcaiteachas ar theaghlaigh níos lú (2 leanaí nó níos lú) á fhritháireamh ag níos lú teaghlaigh móra atá an méadú ar an líon éileamh níos airde ann. Taispeánann Tábla 3-6 an briseadh síos de réir líon na leanaí ar rátaí níos airde agus níos ísle.

Tábla 3-6: Sochar Leanaí - líon na leanaí ag rátaí níos ísle agus níos airde (1997 and 2009)

	1997 Líon na leanaí	% den iomlán	2009 Líon na leanaí	% den iomlán
Ráta níos Ísle	821,365	78%	957,323	83%
Ráta níos Airde	232,036	22%	199,594	17%
Iomlán	1,053,401	100%	1,156,917	100%

Foinse Tuarascáil Staitistiúil RCS

Fachtóirí eile a mhéadaigh caiteachas go bliantúil:

- Éifeacht aon uaire an athraithe ar dháta feidhmithe na méaduithe sa bhuiséad. Go dtí 2000, cuireadh méaduithe i rátaí SL a fógraíodh sa bhuiséad roimhe sin i bhfeidhm i Meán Fómhair de gach bliain. Tugadh é sin siar go Meitheamh i 2001. Ó 2003, tugadh méaduithe isteach in Aibreán a thugann caiteachas cúig mhí breise le tuiscint.

- Tabhairt isteach leibhéil níos airde íocaíochtaí aon uaire ar ilbhreitheanna i 1998. Íoctar cúplaí ag uair go leith an ráta míosúil caighdeánach fad is go n-íoctar tríríní nó níos mó ag dhá uair an ráta míosúil. Íoctar roinnt deontas aon uaire ag aoiseanna éagsúla freisin. I Meán Fómhair 2009, bhí,125 leanaí a bhain leis an gcatagóir ilbhreitheanna (nó beagnach 3% den iomlán) agus meastar caiteachas bliantúil maidir le ilbhreitheanna ag €34m nó beagán faoi bhun 2% den chaiteachas SL bliantúil iomlán. Tá briseadh síos ar an gcatagóir sin i dTábla 3-7 thíos.

Tábla 3-7: Íocaíochtaí SL - briseadh síos de réir breitheanna singlí agus ilbhreitheanna (2009)

	Líon na leanaí	*% den iomlán*
Singil	1,096,980	97.2%
Cúplaí	30,963	2.7%
Tríríní	1,086	0.1%
Ceathrairíní nó níos mó	76	0.0%
Teaghlaigh go léir	1,129,105	100.0%
Tabhair faoi deara: **Meán Fómhair 2009**		

Fionnachtain 3-4: Na fachtóir ba thábhachtaí sa mhéadú i gcaiteachas TIL ab ea an méadú i rátaí íocaíochtaí SL

Fad is gur mhéadaigh caiteachas SL mar thoradh ar fhachtóirí déimeagrafacha agus sóisialta ba é an príomhfhachtóir taobh thiar den mheánmhéadú bliantúil os cionn 12% ná an méadú i rátaí íocaíochta go háirithe sa tréimhse 2000-2002. Taispeánann meastacháin gurb iad méaduithe i rátaí ba chúis le 93% den mhéadú i gcaiteachas SL idir 1997 agus 2008, 4% de bharr líon éileamh níos airde agus an 3% fágtha ag fachtóirí eile. Ceann de na fachtóirí eile a mhéadaigh caiteachas ná íocaíochtaí níos airde maidir le hilbhreitheanna. Tá an treocht i dtreo teaghlaigh níos lú ag éascú an méadú a mhaolú.

Méaduithe i leith Linbh Cháilithe

Tá an treocht i gcaiteachas MLC difriúil go radacach uaidh sin i SL thar a lán de thréimhse an athbhreithnithe. Mar atá le feiceáil i dTábla 3-8, mhéadaigh caiteachas ar an meán 5.2% in aghaidh na bliana thar an tréimhse. Thit caiteachas bliantúil sa chéad leath de na deich

mbliana atá thart de réir an laghdaithe i líon na leanaí cáilithe agus titim sa dífhostaíocht thar an tréimhse. Mar sin féin mhéadaigh caiteachas go géar sa tréimhse 2007 go 2009 a léiríonn go páirteach méadú i líon na gcleithiúnaithe a bhí ina dhiaidh sin nasctha leis an uimhir íocaíochtaí príomhúla. Mínítear an treocht i gcaiteachas iomlán go ginearálta de réir an treochta i rátaí íocaíochta seachtainiúla MLC gur féidir a fheiceáil i dTábla 3-8 (ag dul siar go 1984 chun an comhthéacs stairiúil a thaispeáint). Ba chóir a choimeád i gcuimhne, fad is go dtaispeánann na figiúirí ráta níos airde agus níos ísle tá 36 rátaí difriúla sa chuid luath den tréimhse agus ag leanúint ar mhéid suntasach réasúnaíochta thar an tréimhse thit an líon rátaí difriúla faoi 2006 go 3 agus sa deireadh go ráta singil amháin i 2007.

Tábla 3-8: Treochtaí i gcaiteachas ar MLC (1997-2010)

	Líon Leanaí Cáilithe (Ráta Iomlán)	Líon Leanaí Cáilithe (Leathráta)	Caiteachas Bliantúil Measta € milliún
1997	296,564	124,378	341.8
1998	282,572	124,237	330.1
1999	298,455	130,715	299.8
2000	288,993	114,610	313.7
2001	274,680	129,338	312.7
2002	278,077	127,081	317.7
2003	272,419	129,877	308.2
2004	263,895	93,144	290.5
2005	255,966	83,348	284.0
2006	258,790	82,546	287.2
2007	266,449	77,236	349.0
2008	300,726	87,011	443.6
2009	345,117	195,309	552.2
2010*	363,343	128,645	659.0
1997 -2010**	**1.6%**	**0.3%**	**5.2%**

* Meastachán
** Meánathrú bliantúil

Is féidir an chobhsaíocht choibhneasta i gcaiteachas MLC thar an tréimhse a thuiscint den chuid is mó mar gheall ar (i) cobhsaíocht nó laghduithe i líon na leanaí cleithiúnacha (nasctha le híocaíochtaí príomhúla) agus (ii) luach na rátaí íocaíochta MLC ag fanacht seasmhach ar feadh an-chuid den tréimhse. Is féidir an cur chuige do rátaí íocaíochta MLC a fheiceáil mar chantrapháirt den mhéadú mear i rátaí SL thar an tréimhse mar dhírigh an Rialtas ar íocaíocht tacaíochta ioncam leanaí d'aon ghnó chun tabhairt faoi shaincheisteanna bochtanas leanaí agus cúram leanaí trí SL fad is ag coinneáil amach ó na gaistí dífhostaíochta agus bochtanais bainteach le MLC. Bhí fachtóirí eile ann lena n-áirítear an dáta íocaíochta a thabhairt ar aghaidh d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh príomhúla agus tabhairt isteach leathrátaí íocaíochta do roinnt leanaí i gcás go raibh céile an fhaighteora i bhfostaíocht.

Figiúr 3-8: Rátaí íocaíochta seachtainiúla do MLC ó 1984



Fionnachtain 3-5: Treochtaí caiteachais do MLC nasctha le polasaí athraithe ar mhéaduithe rátaí agus le spleáchas sochair

Fad is go raibh cobhsaíocht choibhneasta i gcaiteachas ar MLC le linn chéad chuid den tréimhse athbhreithnithe nó b'fhéidir meath ann tá an leibhéal caiteachais ar MLC i 2010 níos mó ná dhá chuid an leibhéil i 2005. Is féidir an chobhsaíocht choibhneasta i gcaiteachas MLC a thuiscint den chuid is mó mar gheall ar chobhsaíocht nó laghduithe i líon na leanaí cleithiúnacha (nasctha le híocaíochtaí príomhúla) agus an polasaí, luach na rátaí íocaíochta MLC a choinneáil seasmhach ar feadh an-chuid den tréimhse. Lean an méadú i gcaiteachas MLC scaoileadh na bhfachtóirí déimeagrafacha agus fachtóirí eile ó shin.

Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh

Tá méadú ar chaiteachas FIT ó €33 milliún i 1997 go €215 milliún measta i 2010 – méadú 15.5% in aghaidh na bliana thar thréimhse an athbhreithnithe. Tá na fachtóiri ag tiomáint an mhéadaithe i gcaiteachas FIT níos casta ná iad sin do MLC agus SL ag léiriú athruithe in éagsúlachtaí polasaí (athruithe sa chóras cánach, íosuaireanta a oibríodh, sainmhíniú ar ioncam measúnaithe, luach tairsigh FIT, íosíocaíochtaí srl.), fachtóirí déimeagrafacha (líon leanaí, inimirceacht srl.), fachtóirí sóisialta (ós rud é go gcinntíonn líon an teaghlaigh an leibhéal íocaíochta), rátaí tógáil-suas agus fachtóirí an mhargaidh shaothair (íosphá, leibhéil

eile pá, rátaí rannpháirtíochta, rátaí dífhostaíochta). Níl ach iarracht ann chun achoimre forbhreathnaithe den éifeacht atá ag na príomhfhachtóirí sin a thabhairt san athbhreithniú seo.

Tá mionsonraí achoimreach den chaiteachas bliantúil léirithe i dTábla 3-9 agus taispeánann siad sin gur tharla an méadú suntasach i gcaiteachas FIT sa chuid deireanach den tréimhse (go háirithe ó 2003). Tugann an líon méadaithe teaghlaigh cáilitheacha (6.5% ar an meán in aghaidh na bliana) agus méadú sa mheáníocaíocht in aghaidh an teaghlaigh (8.8% ar an meán in aghaidh na bliana) míniú ar an gcaiteachas iomlán. Is féidir éabhlóid an dá phríomhthiománaí a fheiceáil níos soiléire i bhFigiúr 3-9. Mhéadaigh meáníocaíochtaí in aghaidh an teaghlaigh le linn na tréimhse (albeit le luasghéarú tar éis 2005) cé nár mhéadaigh líon na dteaghlach go dtí 2002. Tá na treochtaí is dócha atá mar bhun leis na fachtóirí sin pléite níos faide thíos.

Tábla 3-9: FIT - caiteachas, éilimh agus meáníocaíocht in aghaidh an teaghlaigh (1997-2009)

Bliain	Caiteachas		Líon Teaghlach		Caiteachas bliantúil in aghaidh an teaghlaigh	
	€ milliún	1997=100	000	1997=100	€000	1997=100
1997	33.0	100.0	13.0	100.0	2.5	100.0
1998	36.3	110.3	13.3	102.2	2.7	107.9
1999	41.1	124.7	14.7	113.2	2.8	110.1
2000	39.4	119.4	13.2	101.6	3.0	117.5
2001	37.1	112.4	11.9	91.6	3.1	122.8
2002	42.4	128.6	12.0	92.8	3.5	138.5
2003	45.4	137.5	12.3	94.9	3.7	144.8
2004	55.8	169.1	14.7	113.5	3.8	149.0
2005	72.2	218.6	17.5	134.5	4.1	162.6
2006	107.1	324.7	21.8	168.0	4.9	193.2
2007	140.0	424.3	22.8	175.9	6.1	241.2
2008	170.3	516.0	27.8	214.3	6.1	240.8
2009	167.1	506.5	26.0	200.1	6.4	253.1
Meán 1997-2009	15.9%		6.5%		8.8%	

Foinse Tuarascáil Staitistiúil RCS

Figiúr 3-9: FIT- treocht i gcaiteachas, líon na dteaghlach agus meánchaiteachas bliantúil in aghaidh an teaghlaigh 1997-2009



Líon na dteaghlach

Cén fachtóirí a mbeadh méadú i líon na dteaghlach ag fáil íocaíocht FIT mar thoradh orthu? Tá go leor féidearthachtaí:

Fás i bhfostaíocht: D'fhás fostaíocht iomlán go láidir sna tréimhsí 1997-2001 agus 2003-2007 sular thit sé go drámatúil ó 2008 (féach ar Figiúr 3-3). Ag a buaicphointe i 2007, bhí fostaíocht iomlán os cionn 40% níos airde ná a leibhéal deich mbliana níos luaithe. Bhí fás i méadú uimhreacha ag fáil FIT ag tús na chéad tréimhse ach níor cothaíodh é sin agus thit faighteoirí FIT sna blianta luatha de na deich mbliana atá thart. Chomhthit an laghdú i bhfás fostaíochta i 2002-3 le cobhsú agus ina dhiaidh sin méadú in uimhreacha FIT. Mar sin féin nuair a tháinig fostaíocht chuige féin go mear ó 2003 luathaigh fás FIT go láidir i gcodarsnacht leis an bpátrún níos luaithe. Cad is cúis leis sin? Míniú poitéinsiúil amháin is ea an tábhacht níos mó le fostaíocht le pá níos ísle[77] sa tréimhse níos déanaí nuair a bhí fás eacnamaíoch ag brath níos mó ar rannóg na seirbhísí á tiomáint ag éileamh intíre. Is dócha go bhfuil sé réasúnta teacht ar an tuairim gur fachtóir rannpháirteach é an fás níos airde ná an meán i bpostanna le pá níos ísle (i 2007 bhí sé 60% os cionn a leibhéil deich mbliana níos

[77] Sainmhínítear pá níos ísle ón aicmiú de réir gairme na PS mar dhíolacháin agus gairmeacha eile san áireamh, ag a raibh an pá airmheánach is ísle de na hacmuithe go léir acu araon i 2007 (PS, National Employment Survey (Suirbhéireacht Fostaíochta Náisiúnta)).

luaithe) don mhéadú seasmhach in uimhreacha FIT. Sa bhreis air sin, thaispeáin anailís ar uimhreacha FIT ó mhí Iúil 2005-Márta 2007 go raibh 46% d'fhaighteoirí nua FIT ina neamhnáisiúnaigh na hÉireann ag dearbhú nasc láidir idir fórsa oibre agus forbairtí inimirce agus treochtaí FIT.

Figiúr 3-10: Innéacs fostaíochta ráithiúil agus faighteoirí FIT, 1997 to 2009



Éifeacht tairseacha FIT ar incháilitheacht: Is dócha freisin gur mhéadaigh na huimhreacha dóibh siúd a bhí incháilithe mar bhí an treocht ann gur sháraigh méaduithe sna rátaí tairseacha FIT méaduithe i rátaí pá go háirithe mar bhí éifeacht aige ar theaghlaigh níos mó sa chuid dheiridh den tréimhse (pléite i gCaibidil 5);

Níos mó glactha FIT laistigh de dhaonra incháilitheach: Tá an féidearthacht ann freisin gur mhéadaigh rátaí tógáil suas FIT thar an tréimhse ag léiriú éifeacht charnach feabhsúchán sa scéim in éineacht le feachtais mhargaíochta agus feasachta. Tá an tsaincheist tógáil suas FIT pléite san athbhreithniú.

Meáníocaíocht FIT in aghaidh an éilimh

Mínítear an méadú i gcaiteachas FIT iomlán go páirteach leis an méadú sa mheáníocaíocht in aghaidh an teaghlaigh (8.8% in aghaidh na bliana) agus meáníocaíocht in aghaidh an linbh

(11.7% in aghaidh na bliana) (féach ar Tábla 3-10). Tá na cúiseanna leis an méadú sin casta ina bhfuil roinnt fachtóirí i gceist lena n-áirítear fachtóirí polasaí (mar rátaí tairsigh FIT) ach treochtaí níos leithne freisin i bpá agus cánacha díreacha. Tá anailís níos mionsonraithe i mír 5.4 a thugann faoi shaincheisteanna FIT ar leith. Is leor a thabhairt faoi deara ag an gcéim seo gur méadaíodh tairseacha FIT (agus dá réir meáníocaíochtaí FIT) go bliantúil ar aon dul le rátaí íocaíochta dífhostaíochta a chiallaigh gur mhéadaigh siad i bhfad níos tapúla ná boilsciú agus tuillimh araon sa tréimhse ó 2002-2008. Chomh maith leis sin ó 2006 méadaíodh go suntasach tairseacha FIT do theaghlaigh níos mó chun iarracht a dhéanamh éifeachtacht na híocaíochta a mhéadú mar thacaíocht do theaghlaigh níos mó.

Tábla 3-10: FIT - meáníocaíocht in aghaidh an teaghlaigh agus an linbh

	Caiteachas bliantúil in aghaidh an teaghlaigh (€)	1997=100	Caiteachas bliantúil in aghaidh an linbh (€)	1997=100
1997	2,544	100.0	886.5	100.0
1998	2,744	107.9	1091.6	123.1
1999	2,801	110.1	1151.4	129.9
2000	2,988	117.5	1259.4	142.1
2001	3,123	122.8	1403.9	158.4
2002	3,523	138.5	1599.0	180.4
2003	3,683	144.8	1717.6	193.7
2004	3,790	149.0	1861.0	209.9
2005	4,135	162.6	2124.9	239.7
2006	4,915	193.2	2442.6	275.5
2007	6,135	241.2	2946.0	332.3
2008	6,126	240.8	2935.1	331.1
2009	6,437	253.1	2999.7	338.4
Meán 1997-2009	8.8%		11.7%	

Foinse Tuarascáil Staitistiúil RCS

Fionnachtain 3-6: Méadú suntasach i gcaiteachas FIT nasctha le tiománaithe polasaí agus neamhpholasaí araon

Tá caiteachas ar FIT méadaithe 15.5% in aghaidh na bliana thar an tréimhse athbhreithnithe. Tá na fachtóiri ag tiomáint an mhéadaithe i gcaiteachas FIT níos casta ná iad sin do MLC agus SL ag léiriú athruithe in éagsúlachtaí polasaí (athruithe sa chóras cánach, íosuaireanta a oibríodh, sainmhíniú ar ioncam measúnaithe, luach tairseacha FIT, íosíocaíochtaí srl.), fachtóirí déimeagrafacha (líon leanaí, imirce srl.), fachtóirí sóisialta (líon sa teaghlach), rátaí tógáil suas agus fachtóirí an mhargaidh shaothair (íosphá, leibhéil eile pá, rátaí

rannpháirtíochta, rátaí dífhostaíochta). Fad is gur dócha gur chuir fachtóirí déimeagrafacha agus eacnamaíoch (mar fás i líon na leanaí agus i bhfostaíocht) leis an méadú sin, is dócha gurb iad méaduithe bainteach le polasaí i dtairseacha FIT a raibh an éifeacht ba mhó acu ar mheáníocaíochtaí agus mar sin ar chaiteachas iomlán.

Íocaíochtaí eile bainteach le leanaí

LÉCSN: Mhéadaigh caiteachas ar an LÉCSN go suntasach le linn na tréimhse ó 1997 go 2009 ag méadú ó €14.9m i 1998 go €49.6m i 2008 ag léiriú an mhéadaithe i líon na dtairbhithe (ó 2003 ar aghaidh) agus an méadú sa mheáníocaíocht (féach ar Tábla 3-11)**.** Ó 1997 go 2001 bhí laghdú i líon na leanaí cáilithe ag léiriú na titime sna leibhéil dífhostaíochta. Sna blianta 2002 agus 2003 bhí méaduithe i líon na leanaí go 155,811 agus 172,123 faoi seach. Is dócha gur féidir an méadú sin a chur síos do (i) mhaolú sa tástáil mhaoine i 2002 le cáilitheacht mhéadaithe dá bharr agus (ii) méadú i líon na bhfaighteoirí íocaíochta teaghlach aontuismitheora. Is de bharr méaduithe i luach ainmniúil na híocaíochta i 2007 atá an méadú i gcaiteachais in aghaidh an linbh nuair a méadaíodh an ráta do gach leanbh den aois 2-11 ó €120 go €180 agus ó €190 go €285 do gach leanbh den aois 12-17.

Tábla 3-11: LÉCSN - caiteachas, leanaí agus caiteachas in aghaidh an linbh (1997-2009)

	Caiteachas € milliún	Leanaí ag baint tairbhe as (000s)	Caiteachas in aghaidh an linbh €
1997	14.9	231.0	64.6
1998	13.1	209.3	62.8
1999	11.6	183.7	63.0
2000	13.8	158.8	86.9
2001	12.8	143.0	89.6
2002	15.2	155.8	97.7
2003	17.7	172.1	102.9
2004	17.0	153.4	111.0
2005	16.7	157.3	106.3
2006	24.9	161.5	154.2
2007	40.2	180.3	222.9
2008	49.6	200.2	247.9
2009	67.2	277.7	241.9
1997 – 2009	350%	20%	275%

Foinse Tuarascáil Staitistiúil RCS

FLL Óna tugadh isteach é in Aibreán 2006 mhéadaigh caiteachas ar an scéim sin ó €292 milliún i 2006 go €477 milliún i 2008 sular thit sé siar go €231 milliún measta i 2009. Taispeánann Tábla 3-12 gur shroich an mheáníocaíocht in aghaidh an linbh agus an meánlíon

leanaí buaicphointe i 2008. Léiríonn an laghdú i gcaiteachas i 2009 laghduithe i líon agus i rátaí íocaíochta de réir mar a bhí an scéim á tabhairt chun críche.

Tábla 3-12: Forlíonadh Luathchúram Leanaí - faighteoirí agus caiteachas (2006-2009)

Bliain	*Meánlíon leanaí*		*Meániocaíocht FLL bliantúil in aghaidh an linbh*		*Caiteachas iomlán*	
	000	*2006=100*	*€*	*2006=100*	*€m*	*2006=100*
2006	367.3	100.0	795	100.0	292	100.0
2007	382.3	104.1	1,091	137.2	417	142.8
2008	398.7	108.5	1,196	150.5	477	163.4
2009	340	92.6	679	85.5	231	79.1
Tabhair faoi deara: meastachán do 2009						

Fionnachtain 3-7: Méadú i gcaiteachas íocaíochta eile nasctha le cinntí polasaí

Tá méadú suntasach i gcaiteachas ar LÉCSN thar thréimhse an athbhreithnithe albeit ó bhonn beag. I dtosach is ó mhéaduithe i rátaí íocaíochta a tháinig an méadú go príomhúil mar thit líon na leanaí sa tréimhse suas go 2006. Ó shin tá líon na leanaí ag baint tairbhe as an liúntas ag méadú go suntasach ag léiriú an líon teaghlach níos mó atá cáilitheach iarratas a chur isteach ar an liúntas de bharr fachtóirí eacnamaíochta. Bhí méadú mór i gcaiteachas mar thoradh ar an FLL a thabhairt isteach thar an gcuid deiridh den tréimhse athbhreithnithe ach cuireadh críoch iomlán leis sin faoi 2010 mar cuireadh deireadh leis an íocaíocht.

3.3 Achoimre

Tugann an chaibidil seo cur síos ginearálta ar na príomhíocaíochtaí tacaíochta ioncam leanaí: Sochar Leanaí, Méaduithe i leith Linbh Cháilithe agus Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh agus cláir eile bainteach le leanaí mar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua agus an Forlíonadh Luathchúram Leanaí. Shainaithin an t-athbhreithniú freisin líon príomhfhorbairtí i saolré na scéime. Breathnaítear sa chaibidil seo na treochtaí i gcaiteachas i ngach ceann de na cláir agus aibhsítear gur méadaíodh faoi cheathair caiteachas iomlán ar íocaíochtaí TIL ó 1997 go 2008 (ó bheagnach €900 milliún go €3.6 billiún nuair a chuirtear FLL agus LÉCSN san áireamh) ag léiriú an mhéadaithe i leibhéal na n-íocaíochtaí le blianta beaga anuas go háirithe i SL agus an méadú i líon na dtairbhithe á dtiomáint ag fachtóirí déimeagrafacha agus fachtóirí eile. Leanadh leis an treo polasaí díriú den chuid is mó ar íocaíochtaí Sochar Leanaí a mhéadú thar na deich mbliana atá thart i gcoibhneas le breiseanna i leith linbh

sonraithe d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh leis na cuspóirí tabhairt faoi bhochtanas leanaí, feabhas a chur ar dhreasachtaí fostaíochta agus tabhairt faoi mhéaduithe i gcostas cúram leanaí. Mar thoradh ar mhéaduithe sna deich mbliana reatha tá méadú ar chaiteachas ar na trí phríomhchár TIL agus cláir bhainteacha óna ísealphointe 1.0%/1.1% de OTI/OIN i 2000 go 2.1%/2.6% i 2009 leis an gcuid is mó den chaiteachas curtha ar fáil go méadaitheach trí na príomhíocaíochtaí uilíocha (Sochar Leanaí agus cláir FLL) a chlúdaigh 77% de chaiteachas iomlán TIL i 2009 fad is gur chlúdaigh íocaíochtaí sonraithe an fuílleach. Is é an éifeacht atá ag cúrsaí buiséadach i 2010 ná caiteachas iomlán mar chéatadán de OTI/OIN a laghdú go 2.0%/2.5% le 71% den chaiteachas sin ag teacht trí Shochar Leanaí uilíoch.